Following recent correspondence from the President on Semester 1 exams, the following arrangements will be put in place to facilitate the completion of deferred Semester 1 exams and assessments prior to the end of the academic year.

Ag eascairt as an gcomhfhreagras a tháinig le déanaí ón Uachtarán maidir le scrúduithe Sheimeastar 1, cuirfear na socruithe seo a leanas i bhfeidhm ionas gur féidir scrúduithe agus measúnuithe Sheimeastar 1 a cuireadh siar a dhéanamh roimh dheireadh na bliana acadúla.

Jump to:

- Deferred exams will take place in early April 2022
- Eligibility and supporting documentation required
- Format of rescheduled exams
- Safety measures in place in exam venues in December

Léim chuig:

- Beidh scrúduithe a cuireadh siar ar siúl go luath i mí Aibreáin 2022
- Beidh incháilitheacht agus cáipéisí tacaíochta ag teastáil
- Formáid na scrúduithe athsceidealaithe
- Bearta sábháilteachta i bhfeidhm sna hionaid scrúduithe i mí na Nollag

Rescheduling of Deferred Exams/Assessments

Exceptionally for Semester 1 of Academic Year 2021-22, students who have been granted a deferral for Semester 1 exams/assessments will complete the rescheduled exam/assessment in early to mid-**April 2022,** after semester 2 teaching but prior to semester 2 examinations.

In the College of Medicine, Nursing and Health Sciences, rescheduling arrangements in relation to deferred clinical exams/assessments will be communicated directly by Programme Directors.
In line with the University's Deferral Policy, capping does not apply to deferred exams.

Please note that in order to facilitate this earlier sitting of deferred exams, the exam schedule will be shorter, with some

Athsceidealú na Scrúduithe/Measúnuithe a Cuireadh Siar

Go heisceachtúil i gcás Sheimeastar 1 den Bhliain Acadúil 2021-22, déanfaidh mic léinn ar tugadh cead dóibh scrúduithe/measúnuithe Sheimeastar 1 a chur siar an scrúdú/measúnú athsceidealaithe sin a dhéanamh idir tús agus lár mhí **Aibreáin 2022**, nuair a bheidh deireadh le ranganna sheimeastar 2 ach sula gcuirfear tús le scrúduithe sheimeastar 2.

I gcás Choláiste an Leighis, an Altranais agus na nEolaíochtaí Sláinte, is iad na Stiúrthóirí Cláir a chuirfidh na socruithe athsceidealaithe maidir le scrúduithe/measúnuithe cliniciúla a cuireadh siar in iúl.

De réir Pholasaí na hOllscoile maidir le Scrúduithe a Chur Siar, ní bheidh uasteorannú i bhfeidhm.

examinations likely to take place at weekends and in the evenings.

Where students have a field trip scheduled in the first week after the end of teaching, exams will not be scheduled for these students during the field trip period.

All deferred students, including students who defer semester 1 exams for other non-covid certified reasons, will automatically be scheduled to sit their semester 1 exams in the April session.

In the event of schedule clashes, some semester 1 exams may be scheduled to run immediately after semester 2 exams.

Only in exceptional circumstances, approved by the relevant Dean of the College, will a student be permitted to sit a semester 1 deferred exam at the August exam sitting.

Please note that the additional April exam session for semester 1 is for deferrals only. It is **not a resit opportunity**. Students who fail the December semester 1 exams will complete their resit exams in August 2022 in line with the normal University Calendar. Therefore, as is always the case, students will only have a maximum of two attempts at an exam for a semester 1 module.

Eligibility for a Deferral and supporting documentation required
In line with the University's Deferral Policy QA234, deferrals from semester 1 examinations will be granted by Deans of College (or their nominees).

Students unable to sit semester 1 examinations due to an ongoing illness, family bereavement or other, independently vouched, personal circumstances, which affect their ability to take their examinations and which are **outside of their control** should complete a Deferral Application Form and submit it, together with supporting documentation to their College/School Office (contact details for College/School Offices are available here). Details of required supporting

Tabhair faoi deara, d'fhonn an suí níos luaithe seo de na scrúduithe a cuireadh siar a éascú, déanfar an sceideal scrúduithe a ghiorrú agus tá gach seans ann go mbeidh roinnt scrúduithe ar siúl ag an deireadh seachtaine agus san oíche.

I gcás go mbeidh turas allamuigh socraithe do mhic léinn sa chéad seachtain tar éis do na ranganna críochnú, ní chuirfear scrúduithe ar an sceideal do na mic léinn sin le linn na tréimhse sin a mbeidh turais allamuigh ar siúl.

Déanfaidh **gach mac léinn a chuireann scrúdú siar**, mic léinn a chuireann scrúduithe sheimeastar 1 siar ar chúiseanna eile seachas Covid san áireamh, na scrúduithe sin a dhéanamh go huathoibríoch i seisiún mhí Aibreáin.

I gcás go dtagann dhá scrúdú salach ar a chéile d'fhéadfaí cuid de scrúduithe sheimeastar 1 a chur ar siúl go díreach i ndiaidh scrúduithe sheimeastar 2.

I gcásanna eisceachtúla amháin, le cead Dhéan an Choláiste chuí, beidh cead ag mac léinn scrúdú a cuireadh siar i seimeastar 1 a shuí le linn scrúduithe mhí Lúnasa.

Tabhair faoi deara gur le haghaidh scrúduithe a cuireadh siar i seimeastar 1 amháin atá seisiún breise mhí Aibreáin. Ní deis é **chun scrúdú a athshuí**. Déanfaidh mic léinn a dteipeann orthu i scrúduithe sheimeastar 1 faoi Nollaig a gcuid scrúduithe a athshuí i mí Lúnasa 2022 de réir ghnáthfhéilire na hOllscoile. Dá bhrí sin, mar is gnách, ní bheidh ach dhá iarracht ar a mhéad ag mic léinn i gcás scrúdú i modúl sheimeastar 1.

Incháilitheacht le haghaidh scrúdú a chur siar agus na cáipéisí tacaíochta atá de dhíth
Ag teacht le Polasaí na hOllscoile maidir le Scrúduithe a Chur Siar QA234, tabharfaidh Déin na gColáistí (nó a n-ainmnithe) cead scrúduithe sheimeastar 1 a chur siar.

Ba chóir Foirm Iarratais ar Scrúdú a Chur Siar a líonadh mura bhfuil mac léinn in ann scrúduithe sheimeastar 1 a shuí mar gheall ar thinneas leanúnach, bás sa teaghlach nó cúis phearsanta eile, a bhfuil dearbhú neamhspleách leis, agus a chuirfidh isteach ar a c(h)umas a scrúduithe a

documentation are outlined in the Deferral Policy.

Students who develop symptoms of Covid-19, those who have tested positive or who are waiting on a test result or who have been advised to self isolate, should not present on-campus for an exam but should contact their College Office to seek a deferral, and get a Covid test. Follow the advice of the HSE on self-isolating if you develop symptoms of Covid-19 or are a close contact, available here.
For deferral applications related to Covid-19, the following supporting documentation will be required in order to be granted a deferral:

- A Medical Certificate and/or
- Evidence of having had a HSE PCR test (the results of which may be positive or negative)

It is recognised that the above supporting documentation may need to be provided retrospectively after the deferred exam has taken place.

Students should be aware that deferrals are not granted automatically, appropriate supporting documentation is required. Failure to provide the required supporting documentation will mean that the deferral cannot be granted and non-attendance at the exam will result in a mark of zero being awarded for it, with any resulting Fail requiring attendance at a resit exam in August.

As per the 'Protocol for managing absences from Teaching', medically vulnerable students or those who live with medically vulnerable people, and who have an exemption from attending in-person teaching on campus are required to attend in person for on-campus exams. An Alternative Arrangements process is in place to provide an alternative venue with increased physical distancing for the completion of exams and those students should contact the Exams Office on **091-492640** to make arrangements.

dhéanamh agus nach bhfuil aon neart aige/aici air. Ba chóir an fhoirm mar aon leis na cáipéisí tacaíochta a sheoladh chuig Oifig an Choláiste/na Scoile cuí (tá sonraí teagmhála Oifigí na gColáistí/Scoileanna ar fáil anseo). Tá sonraí faoi na cáipéisí tacaíochta a theastaíonn ar fáil sa Pholasaí maidir le Scrúdú a Chur Siar.

Níor cheart do mhic léinn a bhfuil siomptóim Covid-19 orthu, iad siúd a bhfuil toradh dearfach faighte acu, iad siúd atá ag fanacht ar thoradh tástála ná iad siúd ar moladh dóibh féin-aonrú, teacht chuig an gcampas chun scrúdú a dhéanamh. Ba cheart dóibh teagmháil a dhéanamh le hOifig an Choláiste chuí chun a gcuid scrúduithe a chur siar, agus ba chóir dóibh dul le haghaidh thástáil Covid. Lean comhairle an FSS atá ar fáil anseo maidir le féin-aonrú má bhíonn siomptóim Covid-19 ort nó más dlúth-theagmhálaí thú.
I gcás iarratais ar scrúdú a chur siar má tá Covid-19 i gceist, teastóidh na cáipéisí tacaíochta seo a leanas ionas gur féidir cead a fháil an scrúdú a chur siar:

- Teastais Dochtúra agus/nó
- Fianaise ar thástáil PCR de chuid an FSS (bíodh na torthaí dearfach nó diúltach)

Tuigtear go mb'fhéidir gur gá na cáipéisí tacaíochta thuas a chur ar fáil tar éis don scrúdú a cuireadh siar a bheith ar siúl.

Ba chóir go mbeadh mic léinn ar an eolas nach gá go gceadaítear scrúdú a chur siar go huathoibríoch, is gá na cáipéisí tacaíochta cuí a chur ar fáil. Mura gcuirtear na cáipéisí tacaíochta riachtanacha ar fáil, ní féidir cead a fháil an scrúdú a chur siar agus mura bhfreastalaítear ar an scrúdú bronnfar marc náid ina leith. Má theipeann ar mhac léinn dá bharr beidh an scrúdú le hathshuí aige/aici i mí Lúnasa.

Mar atá leagtha amach sa 'Phrótacal chun déileáil le neamhláithreacht ón Teagasc', tá dualgas ar mhic léinn atá leochaileach ar bhonn leighis nó iad siúd a bhfuil cónaí orthu le daoine atá leochaileach ar bhonn leighis, agus a bhfuil díolúine acu ó fhreastal ar theagasc ar an gcampas, teacht chuig an gcampas le haghaidh scrúduithe. Tá próiseas maidir le Socruithe Malartacha i bhfeidhm chun ionad malartach a

Exceptionally for Academic Year 2021-22, due to public health circumstances, it will be possible to grant students a once-off opportunity to request a deferral for one or more exams, without automatically being deferred for all subsequent exams in circumstances where a negative Covid test result is provided midway through the exams.

Format of rescheduled Semester 1 Examinations/ Assessments
In the majority of cases, for reasons of consistency of standards, the rescheduled semester 1 exam/assessment will take the same format in April as the initial December exam/assessment took. This means that if the deferred module was assessed as an in-person exam in December, it is likely to be assessed as an in-person exam in April; equally if the December assessment took the form of Continuous Assessment or an online exam, then the format in April is likely to be the same.

In exceptional circumstances where Module Owners feel it is necessary to switch to an alternative mode of assessment for the April sitting, they must first seek the permission of the Deputy President and Registrar, setting out why it is not possible to use the same mode of assessment used in December, and outlining how the module learning outcomes can be assessed rigorously to the same standard using an alternative format. Module Owners will notify students of the format of the deferred exam early in Semester 2.

Safety measures in place in exam venues in December
In-person exams will proceed as planned with the University's Infection Prevention & Control Measures in place.

Exam venues will be safe spaces for you to attend. Conscious of the current rate of Covid in the community, the following additional safety measures will be in place:

- Exam Capacity will typically be 40 – 60% for each venue

chur ar fáil do na scrúduithe inar bhfuil spás níos mó ar fáil agus ba cheart do na mic léinn sin teagmháil a dhéanamh le hOifig na Scrúduithe ar **091-492640** chun socruithe a dhéanamh.

Go heisceachtúil don Bhliain Acadúil 2021-22, de bharr cúinsí sláinte poiblí, beidh deis aon uaire ag mic léinn iarratas a dhéanamh ar scrúdú/scrúduithe a chur siar, agus ní bheidh gach scrúdú ina dhiaidh sin le cur siar go huathoibríoch más rud é go bhfaigheann an mac léinn toradh diúltach ar thástáil Covid leath bealaigh trí na scrúduithe.

Formáid Scrúduithe/Mheasúnuithe Sheimeastar 1 athsceidealaithe
I bhformhór na gcásanna, ar mhaithe le go mbeidh na caighdeáin comhsheasmhach, beidh an fhormáid chéanna ar scrúdú/measúnú sheimeastar 1 athsceidealaithe in Aibreán is a bhí ag an scrúdú/measúnú i mí na Nollag. Ciallaíonn sé seo más rud é go ndearnadh an modúl a cuireadh siar a mheas mar scrúdú ar an láthair i mí na Nollag, is mór an seans go ndéanfar é a mheas mar scrúdú ar an láthair i mí Aibreáin; mar an gcéanna más mar Mheasúnú Leanúnach nó scrúdú ar líne a rinneadh measúnú mhí na Nollag, is mór an seans go mbeidh an fhormáid chéanna i gceist i mí Aibreáin.

I gcásanna eisceachtúla nuair a mheasann Úinéir Modúil gur gá modh malartach measúnaithe a úsáid do shuí mhí Aibreáin, ní mór dóibh ar dtús cead a lorg ón Uachtarán Ionaid agus Meabhránaí, ag leagan amach an chúis nach féidir úsáid a bhaint as an modh measúnaithe céanna a úsáideadh faoi Nollaig. Ní mór dóibh freisin a chur in iúl conas is féidir torthaí foghlama an mhodúil a mheas go docht ag an gcaighdeán céanna ag úsáid formáid mhalartach. Cuirfidh na hÚinéirí Modúil an fhormáid a bhainfidh leis an scrúdú a cuireadh siar in iúl do mhic léinn go luath i Seimeastar 2.

Na bearta sábháilteachta a bheidh i bhfeidhm sna hionaid scrúduithe i mí na Nollag
Leanfar de scrúduithe ar an láthair mar a bhí beartaithe le Bearta na hOllscoile maidir le Cosc & Rialú Ionfhabhtaithe i bhfeidhm.

- Ventilation will be more effective as a result
- CO2 monitoring in large naturally ventilated venues
- University's cleaning protocol will be in place
- Venues will be cleaned and disinfected each morning
- Large venues will undergo a Category 3 clean, including electrostatic fogging each night
- Managed movement of people will be evident at each venue
- Signage, measures to avoid congregation, one-way systems
- Wipes provided for Students to sanitise their desks
- Hand sanitisers at entrance points
- Face coverings will be required

Teaching settings have been safe places throughout this semester and we are very grateful to all our students and staff who have made it so.

Similarly, we all have a role to play in keeping ourselves safe and reducing our social contacts in the run up to and during the exams.

We will be guided by Public Health advice at all times. If there are any changes, we will notify you of the impact of such changes in a timely manner. In the meantime, best of luck in the upcoming exam session – and stay safe.

Kind regards,
Caroline

Caroline Loughnane
Secretary for Governance & Academic Affairs

Is spásanna sábháilte iad na hionaid scrúduithe. Agus muid airdeallach ar an ráta reatha Covid sa phobal, beidh na bearta sábháilteachta breise seo a leanas i bhfeidhm:

- Ceadófar idir 40 – 60% den líon iomlán daoine is féidir glacadh leo sna hionaid scrúduithe
- Beidh an aeráil níos éifeachtaí dá bharr
- Déanfar monatóireacht CO2 in ionaid mhóra atá aeráilte go nádúrtha
- Beidh prótacal glantacháin na hOllscoile i bhfeidhm
- Déanfar na hionaid a ghlanadh agus a dhíghalrú gach maidin
- Déanfar glanadh Chatagóir 3 ar ionaid mhóra, lena n-áirítear ceo-chóireáil leictreastatach gach oíche
- Déanfar gluaiseacht daoine a bhainistiú i ngach ionad
- Comharthaíocht, bearta chun an iomarca daoine ag teacht le chéile a sheachaint, córais aontreo
- Cuirfear cuimlíní ar fáil do Mhic Léinn chun a gcuid bord a dhíghalrú
- Beidh díghalrán lámh ar fáil ag na doirse
- Beidh clúdaigh aghaidhe le caitheamh

Reáchtáladh na ranganna ar bhealach sábháilte i gcaitheamh an tseimeastair agus táimid thar a bheith buíoch dár gcuid mac léinn agus comhghleacaithe a thacaigh linn.

Ar an gcaoi chéanna, tá ról againn ar fad muid féin a choinneáil sábháilte agus ár gcuid teagmhálaithe sóisialta a laghdú sa tréimhse roimh agus le linn na scrúduithe.

Leanfaimid an chomhairle Sláinte Poiblí i gcónaí. Má thagann aon athrú chun cinn, cuirfimid ar an eolas sibh gan mhoill. Idir an dá linn, go n-éirí libh sna scrúduithe atá le teacht agus fanaigí slán.

Le meas,
Caroline

Caroline Loughnane
An Rúnaí Gnóthaí Rialachais & Acadúla